Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13204/20**

**DEVGEN 175**
**FIN 882**
**ACP 147**
**RELEX 911**
**COAFR 337**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Samhain 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12572/20 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cabhair um fhorbairt ón Aontas Eorpach don Chéinia<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 20 Samhain 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cabhair um fhorbairt ón Aontas Eorpach don Chéinia, a formheasadh trí nós imeachta i scríbhinn an 20 Samhain 2020.

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cabhair um fhorbairt ón Aontas Eorpach don Chéinia**

**Conclúidí ón gComhairle**

## Comhthéacs

1. Gabhann an Chomhairle buíochas le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa as a dTuarascáil Speisialta Uimh. 14/2020. Tugann an Chomhairle dá haire gur bhain an Chúirt úsáid as an anailís a rinne sí ar chabhair um fhorbairt ón Aontas don Chéinia chun na príomhdhúshláin atá ann d'éifeachtacht na forbartha a shainaithint. Is ar an gCéinia atá conclúidí na Comhairle dírithe.

## Gealltanais

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a gealltanas chun leas a bhaint as cabhair an Aontais um fhorbairt chun cabhrú leis an gClár Oibre 2030 maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach agus chun an bhochtaineacht a dhíothú. Gan aon duine a fhágáil ar lár agus tarrtháil a dhéanamh ar an té sin is faide ar gcúl na treoirphrionsabail atá i gceist. Tacaíonn an Chomhairle leis na hiarrachtaí uile chun na cuspóirí sin a bhaint amach, i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil gá le húinéireacht dhaonlathach ó thíortha comhpháirtíochta chun an fhorbairt inbhuanaithe agus díothú na bochtaineachta a chur chun cinn go rathúil. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé cabhair an Aontais um fhorbairt a ailíniú le riachtanais agus tosaíochtaí forbartha na Céinia.

4. Admhaíonn an Chomhairle go bhfuil ciall cheannaithe in anailís na Cúirte maidir le comhar an Aontais um fhorbairt . Ba cheart don Choimisiún, do SEGS agus do na Ballstáit í a úsáid chun tionchar chomhar an Aontais um fhorbairt a fheabhsú; chomh maith leis sin trí rannpháirtíocht chomhpháirteach mar Fhoireann na hEorpa.

## Gníomhaíochtaí

5. Is díol sásaimh don Chomhairle an chonclúid ón gCúirt gur éirigh le tionscadail an Aontais faoin 10ú CEF na torthaí a rabhthas ag súil leo a bhaint amach i gcoitinne. Ba cheart don Choimisiún agus do SEGS leanúint dá n-iarrachtaí ionas go gcuideoidh cabhair an Aontais leis an mbochtaineacht a dhíothú agus le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle an chonclúid ón gCúirt gur rannchuidigh tacaíocht an Aontais le slándáil an tsoláthair bia agus d'athléimneacht aeráide go héifeachtach leis an ocras sa Chéinia a laghdú. Molann an Chomhairle na hiarrachtaí chun tacú le talmhaíocht gabháltas beag agus le córais agraibhia inbhuanaithe sa Chéinia.

7. Aithníonn an Chomhairle an bharúil ón gCúirt nach leor ar eascair d'éifeachtaí inmheasta mar thoradh ar thacaíocht an Aontais don fhorbairt eacnamaíoch. Molann an Chomhairle an Coimisiún agus SEGS leanúint de bheith ag tabhairt tús áite do dhíothú na bochtaineachta agus don fhorbairt inbhuanaithe sa Chéinia. Ba cheart go ndíreofaí na hiarrachtaí ar thimpeallacht iomchuí infheistíochta agus slabhraí luacha a chothú, agus ar fhás inbhuanaithe, poist chuibhiúla agus deiseanna gairmoiliúna chomh maith le slite beatha inbhuanaithe a chur chun cinn.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle an bharúil ón gCúirt go bhfuil sé an-tábhachtach tacú leis an smacht reachta, le comhrac an éillithe, le dea-rialachas agus le bainistiú airgeadais phoiblí sa Chéinia. Moltar don Choimisiún, do SEGS agus do na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí i ndáil leis sin.

9. Tugann an Chomhairle dá haire anailís na Cúirte ar na critéir feidhmíochta, ar an bhfoirmle maidir le leithdháileadh agus ar an bpróiseas a úsáideadh chun cistiú an Aontais a leithdháileadh ar thíortha comhpháirtíochta ar leith faoin 11ú CEF. Tugann an Chomhairle dá haire an moladh ón gCúirt maidir le nasc soiléir idir leithdháiltí airgeadais agus feidhmíocht tíre chomh maith le gealltanas rialtais sa Chéinia. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit féachaint conas is féidir riachtanais, acmhainneachtaí, gealltanais agus feidhmíocht na Céinia a chur san áireamh ar bhealach níos fearr agus cinneadh á dhéanamh maidir le leithdháiltí airgeadais.

10. Aithníonn an Chomhairle an togra ón gCúirt chun éifeachtacht cabhrach an Aontais a mhéadú trí thacaíocht an Aontais a dhíriú níos fearr ar an gCéinia i réimsí áirithe idirghabhála. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit an moladh sin a chur san áireamh sa chéad chlársceidealú eile – lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le Clársceidealú Comhpháirteach agus Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa sa Chéinia a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, ar bhealach cuimsitheach.

11. Tugann an Chomhairle dá haire an bharúil ón gCúirt go bhféadfaí comhordú deontóirí sa Chéinia a fheabhsú chun éifeachtacht na forbartha a mhéadú. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit tuilleadh feabhais a chur ar a gcuid iarrachtaí.

**Tionchair**

12. Tugann an Chomhairle dá haire an bharúil ón gCúirt go bhfuil sé deacair na tionchair shonracha a bhíonn ag roinnt tionscadal de chuid an Aontais ar chonair fhoriomlán forbartha na Céinia a thomhas. Agus é á chur chun suntais di gur dúshlán casta é an rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe a thomhas agus an bhochtaineacht a dhíothú, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit na príomhréimsí a shainaithint i gcomhpháirt lena chéile ina bhféadfadh an tAontas an tionchar agus an breisluach– is mó a bheith aige sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma – araon agus cláir a bheidh ann amach anseo a ailíniú dá réir sin, lena n-áirítear nuair a bheidh Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa á ndearadh i gcomhpháirt acu.

13. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit cineálacha cur chuige cuimsitheacha a cheapadh agus a chur chun feidhme i bpáirt le chéile chun an leas is fearr is féidir a bhaint as tionchair dhearfacha forbartha sa Chéinia; i bpáirt le comhpháirtithe ábhartha na Céinia.